RIALACHÁN (AE) 2022/2106 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2022

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh séaclaí móra dearga i bhfolimistéir gheografacha 8, 9, 10 agus 11 de GFCM le haghaidh soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2022.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta le haghaidh 2022 ídithe ag gabhálacha an stoic séaclaí móra dearga i bhfolimistéir gheografacha 8, 9, 10 agus 11 den Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM) ag soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta le haghaidh 2022 a chionroinntear ar an Iodáil le haghaidh an stoic séaclaí móra dearga i bhfolimistéir gheografacha CGIM 8, 9, 10, agus 11 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh an stoic dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 21, 31.1.2022, lch. 165).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimhir	09/TQ110
Ballstát	an Iodáil
Stoc	ARS/GF8-11
SPEICEAS	An séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*)
Crios	FLG 8-9-10-11
Dáta deiridh	28.9.2022